Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**12518/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0240(NLE)**

**AGRI 441
PROBA 38
WTO 170**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Phoblacht na hAsarbaiseáine leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais
i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC)
a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha
maidir le haontachas Rialtas Phoblacht na hAsarbaiseáine
leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle[1] an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de.

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích an 17 Bealtaine 2019 le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle[2].

(3) De bhun Airteagal 29 den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') chun na coinníollacha maidir le haontachas Rialtais leis an gComhaontú a bhunú.

(4) Rinne Rialtas Phoblacht na hAsarbaiseáine iarratas foirmiúil ar aontú don Chomhaontú. Ba cheart, dá bhrí sin, cuireadh a thabhairt do Chomhairle na gComhaltaí, le linn seisiúin amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, na coinníollacha maidir le haontachas Phoblacht na hAsarbaiseáine a bhunú i dtaca leis na sciartha rannpháirtíochta i gComhairle Idirnáisiúnta na nOlóg agus leis na teorann ama chun an ionstraim a thaisceadh.

---

1 Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

2 Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

(5) Ós rud é go bhfuil a hearnálacha olóige á bhforbairt ag Poblacht na hAsarbaiseáine a mhéid a bhaineann le tomhaltas agus go bhfuil sé i gceist aici an táirgeacht a fhorbairt, d'fhéadfadh a haontachas Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a threisiú faoi choinníollacha áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saintréithe táirgí olóige, chun aon bhacainn ar thrádáil a sheachaint.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na cinntí atá le glacadh ar an Aontas trí dhifear a dhéanamh don chothromaíocht cinnteoireachta i gComhairle na gComhaltaí nuair nach nglacfar le cinntí trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Phoblacht na hAsarbaiseáine leis an gComhaontú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*